Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 10 Samhain 2025**
**(OR. en)**

**15162/25**
**ADD 1**

**ATO 77**
**CONOP 69**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 10 Samhain 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2025) 665 annex |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN<br>a ghabhann le<br>Moladh le haghaidh Cinneadh ón gComhairle<br>lena bhformheastar go ndéanfaidh an Coimisiún Eorpach an Comhaontú idir an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach (Euratom) agus Eagraíocht Forbartha Fuinnimh Leithinis na Cóiré (KEDO) a thabhairt i gcrích |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 665 annex.

---

Faoi iamh: COM(2025) 665 annex

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 10.11.2025
COM(2025) 665 final

ANNEX

**IARSCRÍBHINN**

**a ghabhann le**

**Moladh le haghaidh Cinneadh ón gComhairle**

**lena bhformheastar go ndéanfaidh an Coimisiún Eorpach an Comhaontú idir an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach (Euratom) agus Eagraíocht Forbartha Fuinnimh Leithinis na Cóiré (KEDO) a thabhairt i gcrích**

GA GA

# IARSCRÍBHINN

## COMHAONTÚ IDIR AN COMHPHOBAL EORPACH DO FHUINNEAMH ADAMHACH AGUS EAGRAÍOCHT FORBARTHA FUINNIMH LEITHINIS NA CÓIRÉ

TÁ AN COMHPHOBAL EORPACH DO FHUINNEAMH ADAMHACH,

Dá ngairtear 'an Comhphobal' anseo feasta, agus

EAGRAÍOCHT FORBARTHA FUINNIMH LEITHINIS NA CÓIRÉ,

Dá ngairtear 'KEDO' anseo feasta,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Bunaíodh KEDO de bhun an Chomhaontaithe an 9 Márta 1995 maidir le Bunú Eagraíocht Forbartha Fuinnimh Leithinis na Cóiré, arna leasú an 19 Meán Fómhair 1997, idir Rialtais Phoblacht na Cóiré, na Seapáine agus Stáit Aontaithe Mheiriceá;

(2) Chuaigh an t-ochtú Comhaontú a tugadh i gcrích idir an Comhphobal agus KEDO in éag an 31 Bealtaine 2024;

(3) Tar éis do Bhord Feidhmiúcháin KEDO cinneadh a dhéanamh tionscadal imoibreora éadromuisce núicléach a fhoirceannadh agus tar éis chinneadh 2007 freagrachtaí na Rúnaíochta a chomhlíonadh le foireann laghdaithe go mór agus saoráidí oifige íosta, chinn an Bord in 2024 leanúint de KEDO tar éis an 31 Bealtaine 2024;

(4) Tá sé curtha in iúl ag an gComhphobal agus ag KEDO gur mian leo leanúint dá gcomhoibriú leis an gcuspóir foirceannadh thionscadal an Imoibreora Éadromuisce a chur chun feidhme agus foirceannadh ordúil KEDO;

TAR ÉIS COMHAONTÚ MAR A LEANAS:

### *Airteagal 1*

### *Forálacha an Chomhaontaithe roimhe seo a chur i bhfeidhm*

Mura sonraítear a mhalairt i gceann de na hAirteagail thíos, leanfaidh forálacha an Chomhaontaithe a bhí ann roimhe seo idir an Comhphobal agus KEDO, a chuaigh in éag an 31 Bealtaine 2024, d'fheidhm a bheith acu faoin gComhaontú seo.

### *Airteagal 2*

### *Ranníocaíocht an Chomhphobail*

Ní dhéanfar aon ranníocaíocht airgeadais ón gComhphobal le buiséad KEDO faoin gComhaontú seo.

*Airteagal* 3

*Fad ama*

Rachaidh an Comhaontú seo in éag an 31 Bealtaine 2025. Déanfar é a athnuachan go huathoibríoch gach bliain go ceann tréimhse bliana eile, ach amháin má chuireann páirtí in iúl don pháirtí eile gur mian leis an Comhaontú a fhoirceannadh mí amháin ar a laghad roimh an dáta éaga. Féadfaidh aon cheann de na Comhaltaí eile a bhfuil ionadaíocht acu faoi láthair ar an mBord Feidhmiúcháin é a fhoirceannadh freisin le héifeacht láithreach tar éis tarraingt siar ó KEDO. Ní dhéanfar an Comhaontú seo a athnuachan tar éis an 31 Bealtaine 2027.

*Airteagal* 4

*Teacht i bhfeidhm*

Tiocfaidh an Comhaontú seo i bhfeidhm nuair a shíneoidh an Comhphobal agus KEDO é agus gabhfaidh éifeacht chúlghabhálach leis ón 1 Meitheamh 2024.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an............................. lá 2025, in dhá scríbhinn bhunaidh

Don Chomhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach

Arna dhéanamh i Nua-Eabhrac an........................... lá 2025, in dhá scríbhinn bhunaidh

D’Eagraíocht Forbartha Fuinnimh Leithinis na Cóiré